CAIBIDIL 8

SHEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA DE RÉIR AN CHEANTAIR FSS

CAIBIDIL 8 CLÁR ÁBHAR

FSS BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THUAIDH 370

Seirbhísí Iósaf do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta 370
Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta Lú, na Mí, an Chabháin agus Mhuineacháin 374

FSS BAILE ÁTHA CLIATH LAIGHEAN LÁIR 377

Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta Laoise, Uíbh Fhailí, na hIarmhí agus an Longfoirt 377
Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta Chontae agus Chathair Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara agus Chill Mhantáin 379

FSS AN DEISCIRT 383

Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta Chorcaí agus Chiarraí 383
Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine
faoi Mhíchumas Intleachta Phort Láirge, Loch Garman, Cheatharlach, Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann Theas 385

FSS AN IARTHAIR 390

Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta an Chláir, Luimnigh agus Thiobraid Árann Thuaidh 390
Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin 395
Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta Shligigh/Liatroma 399
Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta Dhún na nGall 402

FSS BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS

SEIRBHÍSÍ IOSAF UM MÍCHUMAS INTLEACHTÚIL

AN DAONRA	221,771
LÍON NA nEARNÁLACHA	1
IONAID FORMHEASTA	OSPIDÉAL IOSAF UM MÍCHUMAS INTLEACHTÚIL
FOIRNE SPEISIALTAITHE	CEANN AR BITH
DÁTA AN CHRUINNITHE INIÚCHTA	4 DEIREADH FÓMHAIR 2007

CUR SÍOS AR AN tSEIRBHÍS

Chuir Seirbhís Iósaf do Dhaoine faoi Mhíchumais Intleachta cúram ar fáil do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachta i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath. Sholáthair an áis d'othair chónaitheacha ag Port Reachrann cúram agus cóireáil do neamhoird shíciatracha i ndaoine faoi mhíchumas intleachta. Rinneadh forbairtí suntasacha ar an tseirbhís le blianta beaga anuas. Sholáthair an fhoireann tacaíochta pobail seirbhísí measúnaithe, for-rochtana agus tacaíochta baile do 103 teaghlach.

IMLÍNE DEN PHLEAN GNÓ ÁITIÚIL 2007

Bhí plean gnó i scríbhinn ag an tseirbhís a frámaíodh laistigh de chomhthéacs Chlár Trasfhoirmithe 2007–2010 FSS agus a chomhtháthaíonn leis na cuspóirí a leagtar amach sa phlean forbartha seirbhíse comhtháite do OSÁ Thuaisceart Bhaile Átha Cliath.

FORBAIRTÍ 2006–2007

- Ceapadh bainisteoir seirbhíse.
- Tosú ar fhorbairt chónaitheach de stíl sráid-dreacha, le 60 leaba, a thógáil ar an gcampas, lena n-áirítear seirbhísí lae a sholáthar.
- Dúnadh Aonad Naomh Uinseann agus aistriú ochtar cónaitheoirí chuig baile nua-aoiseach, níos oiriúnaí agus níos mó ar an gcampas.
- Maoiniú ioncaim nua daingnithe chun áiteanna breise cónaithe agus lae a fhorbairt.
- Bainistíocht altranais líne tosaigh neartaithe trí 12 CNM1, 17 CNM2 agus CNM3 amháin a cheapadh.
- Dhá bhaile nua pobail a fháil i mBaile Brigín chun aistriú seisear cónaitheoirí ón gcampas a éascú.
- Athchumraíodh an fhoireann for-rochtana pobail chuig na líonraí molta agus na foirne cúraim príomhúil.
- Ceapadh CNM2 chun an fhoireann bainistíochta cleachtais a mhéadú.

TIONSCNAIMH DHEA-CHLEACHTAIS

- Bhí na rátaí leithlis tar éis titim.
- Forbraíodh dhá limistéar cliniciúil breise mar thimpeallachtaí foghlamtha cliniciúla ag comhlíonadh riachtanais An Bord Altranais.
- Aontaíodh ar chreatlach chun pleananna cúraim a chomhtháthú i measc na foirne ildisciplíní agus bhí sé le cur i bhfeidhm ar bhonn píolótach ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2007.
- Tugadh an córas soilse tráchta do threoshuíomh isteach le cur ar chumas bhaill foirne nua dul i dtaithí ar na cónaitheoirí.
- Chláraigh an tseirbhís le ASDAN, eagraíocht a chruthaíonn deiseanna d'fhoghlaimeoirí forbairt phearsanta agus shóisialta a bhaint amach trí dhámhachtainí agus cháilíochtaí. Seachadfar cláir seirbhíse lae amach anseo ag baint úsáide as an gcreatlach ASDAN.

IONCHUR ÚSÁIDEOIRÍ SEIRBHÍSE SA tSEIRBHÍS

Bhí clár abhcóideachta píolótach dhá-bhliain i gcomhpháirtíocht le Cuimsiú Éireann faoi bhun. Bhí baint ag cúigear úsáideoirí seirbhíse leis an gclár. Síneadh é seo go seisear úsáideoirí seirbhíse breise. Bhí seisiúin oideachais leanúnacha ar siúl do bhaill foirne d'fhonn tacú leis an bhfoireann i bhforfheidhmiú an chláir. Bhí sé beartaithe grúpa féin-abhcóideachta a chur ar bun do chónaitheoirí chomh maith. Bhí cruinnithe leanúnacha idir an fhoireann bainistíochta áitiúil agus St. Joseph's Association for the Mentally Handicapped (Tuismitheoirí agus Cairde) ar siúl freisin.

SOLÁTHAR FOIRNE DON ABHANTRACH

Chuir an t-seirbhís an fhaisnéis ar fáil faoi sholáthar foirne amhail an 31 Nollaig 2007.

Foireann liachta

Post	WTE
Síciatraí sainchomhairleach	2
NCHD	2
Sainchláraitheoir	0

Foireann altranais

Post	Altra Foirne (WTE)	CNM1 (WTE)	CNM2 (WTE)	CNM3 (WTE)	CNS (WTE)	Iomlán
DON	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	1
ADON	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	5
Stiúrthóir Oideachais Altranais	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	1
Altraí bunaithe i seirbhísí d'othair chónaitheacha	122.5	6	22	1	2	153.5
Altraí bunaithe in árais phobail	55	4	11	1	0	71
Altra meabhairshláinte pobail	0	0	0	0	4	4
Altraí bunaithe in ospidéil lae	0	0	0	0	0	0
Altraí bunaithe in ionaid lae	0	0	0	0	0	0
Eile	7	0	13	1		21
Bainisteoir Seirbhíse Lae	0	0	0	0	0	1

Poist CNS

Speisialtacht	Líon
Foireann Tacaíochta Pobail	4
Teiripe iompair	2

Foireann cúnta cúraim agus teagascóir

Post	Líon
Cúntóirí cúraim	211
Teagascóir adhmadóireachta	1
Múinteoir Montessori	5
Teagascóir gleacaíochta	1
Múinteoir corpoideachais	1.5
Tuismitheoir teaghlaigh	2
Comhordaitheoir seirbhíse lae	1
Teiripeoir sóisialta/caitheamh aimsire	1

Gairmithe sláinte agus cúram sóisialta

Post	Cúntóir (WTE)	Bunúsach (WTE)	Sinsearach (WTE)	Príomhaí/Bainisteoir (WTE)	Eile (WTE)	Iomlán
Síceolaí	0	0	0	0	0	0
Oibrí sóisialta	0	0	0	0	0	0
Teiripeoir saothair	0	0	0	0	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0	0	0	0	0

Déantar na baill foirne gairmiúla nach bhfuil bunaithe go príomha sa tSeirbhís Meabhairshláinte ach atá ina gcuid de struchtúr bainistíochta na mball foirne meabhairshláinte tiomnaithe a liostú thíos.

Ionchur gairmiúil eile

Gairm	Grád	Láthair na bunáite
Síceolaíocht Chliniciúil	Príomhaí	Cúram Príomhúil Pobail agus Leanúnach (CPPL)

FOIRNE MEABHAIRSHLÁINTE POBAIL 2006–2007

Chuir an t-seirbhís faisnéis maidir le foirniú ar fáil.

Bhí baill foirne leighis agus altranais ar na foirne. Bhí an Fhoireann Tacaíochta Pobail bunaithe in Castle Shopping Centre, Sórd, agus sholáthair siad seirbhísí measúnaithe, for-rochtana agus tacaíochta baile do 103 teaghlach. Chuimsigh an tseirbhís measúnuithe altranais, clinicí um pleanáil faoisimh agus idirghabháil géarchéime arna stiúradh ag altraí, clinicí meabhair-shláinte, idirghabhálacha síceasóisialta agus bhí éascú comhdhálacha teaghlaigh mar chuid lárnach den tseirbhís. Ní raibh go leor acmhainní ag an bhfoireann i taobh teiripe shaothair, obair shóisialta, síceolaíocht agus teiripe urlabhra agus teanga.

An Fhoireann Tacaíochta Pobail Sórd

	2007	Grád
Daonra		
Síciatraí sainchomhairleach	1 (Am cosanta)	
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	1 (Am cosanta)	–
Comhordaitheoir foirne tiomnaithe	0	–
ADON	1	ADON
CMHN	0	–
Síceolaí	0	–
Oibrí sóisialta	0	–
Teiripeoir saothair	0	–
CNM 2	1	CNM 2
CNS	4	CNS

ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Chuir an tseirbhís cúram ar fáil d’othair chónaitheacha in ionad formheasta i bPort Reachrann ar thailte Ospidéal Naomh Íde. Bhí acmhainn iomlán do 177 leaba ann laistigh de 15 aonad ar an gcampas. Ní raibh aon aonad tiomnaithe do ghlacadh isteach agus mheasúnú. Ar an iomlán, bhí an foirgneamh i ndrochstaid, agus cé go raibh clár athchóirithe ar bun agus fianaise ar chlár cothabhála, ba thasc ollmhór é na haonaid go léir a thabhairt go caighdeán inghlactha.

ÁRAIS PHOBAIL

Tá éagsúlacht de thimpeallachtaí maireachtála tacaithe ag an tseirbhís a fhreastalaíonn ar 79 úsáideoir faoi láthair. San áireamh iontu seo bhí bailte comhtháite isteach i suíomhanna príomhshrutha pobail agus bunfhorbairtí agus cnuasfhorbairtí saintógtha arna ndearadh chun riachtanais níos sainiúla úsáideoirí ar leith a chomhlíonadh. Bhí cúig áras cónaithe pobail le foirne iontu 24 uair a’ chloig agus cúig baile grúpa íseal-tacaíochta ann. Sholáthair an tseirbhís tacaíocht agus monatóireacht leanúnach d’úsáideoirí seirbhíse arna n-aistriú chuig áiseanna cúraim príobháideacha.

Na hÁrais

Áras	Áiteanna	Cónaitheoirí	Leapacha faoisimh	An fhoireann atá freagrach	Pleananna cúraim

Avoca, Donabate	4	4	1	Foireann Míchumais Intleachta	Altranas
Glebe House, Mullach Íde	6	6	0	Foireann Míchumais Intleachta	Altranas
Teach Hilltop, An Aill	7	7	0	Foireann Míchumais Intleachta	Altranas
Woodlawn, Blake's Cross, Lusca	5	5	1	Foireann Míchumais Intleachta	MDT
Clonmethan Lodge, An Seanbhaile	30	29	0	Foireann Míchumais Intleachta	Altranas

BAINISTÍOCHT SEIRBHÍSE

Bhí an fhoireann bhainistíochta shinsearach comhdhéanta den Stiúrthóir Cliniciúil, an Stiúrthóir Altranais agus an Bainisteoir Seirbhíse.

CONCLÚID

Bhí gá le hinfheistíocht caipitil chun leanúint le cóiríocht chuí a fháil laistigh den phobal. Ba ghá áis cóireála agus diagnóise measúnaithe/glactha isteach a fhorbairt chomh maith do dhaoine a fhaigheann dé-dhiagnóis de mhíchumas intleachta agus meabhair-shláinte. Ní raibh go leor acmhainní ag an bhfoireann leighis. Bhí sé deacair ar an tseirbhís daoine a earcú agus a choinneáil do phoist i síceolaíocht chliniciúil, in obair shóisialta agus i dteiripe shaothair. Fógraíodh na poist seo go luath i 2007 ach níor líonadh iad. Bhí na poist ildisciplíneacha riachtanach chun an meascán scileanna cuí a chinntiú le sainriachtanais na seirbhíse a chomhlíonadh.

RÉIMSÍ ATÁ LE FORBAIRT

1. Ba chóir go mbeadh rochtain ag úsáideoirí seirbhíse ar fhoireann meabhair-shláinte iomlán, na disciplíní uile san áireamh.

2. Ba chóir go mbeadh plean soiléir ann agus go gcuirfear acmhainní ar fáil chun an t-ospidéal a dhúnadh agus chun seirbhís pobal-bhunaithe a fhorbairt. Ba chóir seirbhísí d'othair chónaitheacha a sholáthar in aonad glactha isteach tiomnaithe faoin Acht Meabhair-Shláinte 2001.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA LÚ, NA MÍ, AN CHABHÁIN AGUS MHUINEACHÁIN

CONTAETHA	LÚ, AN MHÍ, AN CABHÁN AGUS MUINEACHÁN
DAONRA (BUNACHAR SONRAÍ D'UIMHREACHA AITHEANTAIS)	2,088 (Aibreán 2005)
LÍON NA bhFOIRNE	CEANN AR BITH

IONAID FORMHEASTA	CEANN AR BITH
DÁTA AN CHRUINNITHE INIÚCHTA	5 FEABHRA 2008

CUR SÍOS AR AN tSEIRBHÍS

Ní raibh aon seirbhís i Lú nó sa Mhí. Bhí ionchur seisiúnach ó shíciatraí sainchomhairleach i gceantar an Chabháin/Mhuineacháin. Ní raibh aon sainseirbhís do leanaí.

IMLÍNE DEN PHLEAN GNÓ ÁITIÚIL 2007

Aontaíodh ar an dréacht-thuarascáil ar fhorbairt sheirbhísí do dhaoine fásta i 2006. Bhí grúpa tionscadail le ceapadh i 2008. Moladh go mbeadh trí fhoireann á stiúradh ag comhairleoir. Bhí gach foireann le bheith déanta suas de shíciatraí sainchomhairleach, beirt CNS agus síceolaí cliniciúil amháin ar dtús. Bhíothas ag súil go mbeadh gach sainchomhairleoir bunaithe in abhantrach agus go soláthródh siad saintreoir i gceantar cliniciúil sainmhínithe.

FOIRNE MÍCHUMAIS INTLEACHTA 2006–2007

An Cabhán/Muineachán

	2006	2007
Daonra		118,791
Síciatraí sainchomhairleach	1 (2 sheisiún in aghaidh na seachtaine)	1 (2 sheisiún in aghaidh na seachtaine)
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0
Teiripe teaghlaigh	0	0
Teiripe shúgartha	0	0
Áiseanna	0	0

Lú

	2006	2007

Daonra		110,267
Síciatraí sainchomhairleach	0	0
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0
Teiripe teaghlaigh	0	0
Teiripe shúgartha	0	0
Áiseanna	0	0

An Mhí

	2006	2007
Daonra		162,831
Síciatraí sainchomhairleach	0	0
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0
Teiripe teaghlaigh	0	0
Teiripe shúgartha	0	0

Áiseanna	0	0

ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Ní raibh aon sainàiseanna d'othair chónaitheacha. Ag am an iniúchta bhí cóireáil á cur ar roinnt daoine lasmuigh den Stát toisc nach raibh na seirbhísí ar fáil sa réigiún nó go náisiúnta.

CONCLÚID

Comhaontaíodh go forleathan i measc na soláthraithe seirbhíse i míchumas agus meabhair-shláinte ar conas dul ar aghaidh. Caithfear iarracht chomhbheartaithe a dhéanamh i 2008 chun na hacmhainní riachtanacha a sholáthar chun seirbhís mheabhair-shláinte bhunúsach a bhunú.

RÉIMSÍ ATÁ LE FORBAIRT

1. Ba chóir go mbeadh seirbhís bunaithe ar dhaonra na habhantraí ann le foireann de ghairmithe le hoiliúint chuí sa mheabhair-shláinte.

2. Ba chóir go mbeadh struchtúr bainistíochta soiléir ar bun agus plean i scríbhinn d’fhorbairt na seirbhísí go háitiúil.

FSS BAILE ÁTHA CLIATH LAIGHEAN LÁIR

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA LAOISE, UÍBH FHAILÍ, NA hIARMHÍ AGUS AN LONGFOIRT

CONTAETHA	LAOIS, UÍBH FHAILÍ, AN IARMHÍ AGUS AN LONGFORT
DAONRA (BUNACHAR SONRAÍ D’UIMHREACHA AITHEANTAIS)	
LÍON NA bhFOIRNE	1
IONAID FORMHEASTA	CEANN AR BITH
DÁTA AN CHRUINNITHE INIÚCHTA	7 FEABHRA 2008

CUR SÍOS AR AN tSEIRBHÍS

D'fhan an tseirbhís mheabhair-shláinte do dhaoine faoi mhíchumas intleachta gan mórán athraithe le linn 2007. Ceapadh teiripeoir saothair 0.5 coibhéis lánaimseartha (WTE) i Laois/Uíbh Fhailí. Bhí trí sheirbhís chónaitheach sa cheantar, Alvernia House, Port Laoise, Lough Sheever Centre, An Muileann gCearr agus Aonad Naomh Peadar, Baile na gCros.

IMLÍNE DEN PHLEAN GNÓ ÁITIÚIL 2007

Ní raibh aon phlean gnó ar fáil.

FORBAIRTÍ 2006–2007

- Trí chaibidlíocht ag leibhéal réigiúnach, daingníodh comhaontú i samhradh 2007 chun roinnt poist bhreise a mhaoiniú don cheithre chontae. Ní rabhthas in ann na poist seo a líonadh áfach, toisc an lánchoisc earcaíochta agus tá siad caillte anois.

- Theip ar an tseirbhís dul chun cinn a dhéanamh ar cheann ar bith de na moltaí a ndearnadh sa trí Thuairisc dheireanach ón gCigireacht toisc easpa infheistíochta sa tseirbhís.

- Bhog seisear cónaitheoirí ó cheann de na seirbhísí cónaithe chuig teach sa phobal. Tuairiscíodh go bhfuil trí theach ag FSS sa réigiún a bhféadfaí a úsáid mar árais chónaithe pobail dá bhféadfaí foirne a sholáthar dóibh.

TIONSCNAIMH DHEA-CHLEACHTAIS

Tugadh isteach córas pleanála cúraim MDT i gceann de na hionaid chónaitheacha.

FOIRNE MÍCHUMAIS INTLEACHTA 2006–2007

Chuir an t-seirbhís faisnéis maidir le foirniú ar fáil. Rinneadh comparáid ar an bhfoirniú idir 2006 agus 2007.

Foireann Míchumais Intleachta

	2006	2007	Grád
Daonra			
Síciatraí sainchomhairleach	1	1	–
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	1	1	–
Comhordaitheoir foirne tiomnaithe	0	0	–
CMHN	1 (ar iasacht)	0	–
Síceolaí	0	0	–
Oibrí sóisialta	0	0	–
Teiripeoir saothair	0	0.5	Sinsear
Eile	0	1	Oifigeach cléireachais sealadach

ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Glacadh daoine isteach sna géaraonaid i bPort Laoise agus sa Mhuileann gCearr. Níor glacadh mórán daoine isteach i 2007 toisc mí-oiriúnacht na n-aonad do dhaoine a bhfuil míchumas intleachta meánach, trom nó domhain orthu. Cuireadh

cóireáil ar roinnt úsáideoirí seirbhíse i suíomhanna cónaitheacha. Bhí imní ar an bhfoireann faoi roinnt ábhair maidir le cúram a sholáthar sna haonaid chónaitheacha. San áireamh ar na hábhair imní bhí úsáid srianadh agus coinneáil, teip ar ionchur teiripeach seachas cógas a sholáthar, teip ar phríobháideacht agus dhínit chónaitheoirí a chosaint agus teip ar sheirbhísí lae fónta a sholáthar.

BAINISTÍOCHT SEIRBHÍSE

Ba chúis imní é don fhoireann an easpa soiléire maidir le cibé an bhfuil seirbhísí meabhair-shláinte nó seirbhísí míchumais freagrach as foirne meabhair-shláinte do dhaoine faoi mhíchumas intleachta a bhainistiú agus acmhainní a chur ar fáil dóibh.

CONCLÚID

Tá easpa acmhainní fós ag na seirbhísí meabhair-shláinte do dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Ní raibh aon fhoireann tiomnaithe ildisciplíneach ná aon áiseanna cuí d'othair chónaitheacha dóibh siúd a bhfuil míchumas intleachta domhain nó meánach orthu

RÉIMSÍ ATÁ LE FORBAIRT

1. Ba chóir go mbeadh seirbhís bunaithe ar dhaonra na habhantraí le foireann de ghairmithe le hoiliúint chuí sa mheabhair-shláinte.

2. Ba chóir go mbeadh struchtúr bainistíochta soiléir ar bun agus plean i scríbhinn d’fhorbairt na seirbhísí.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA CHONTAE AGUS CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS, CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN

CONTAETHA	BAILE ÁTHA CLIATH THEAS, CILL DARA AGUS CILL MHANTÁIN
DAONRA (BUNACHAR SONRAÍ D’UIMHREACHA AITHEANTAIS)	NÍOR CUIREADH AR AIS
LÍON NA bhFOIRNE	3
IONAID FORMHEASTA	CEANN AR BITH
DÁTA AN CHRUINNITHE INIÚCHTA	3 MÁRTA 2008

CUR SÍOS AR AN tSEIRBHÍS

Ba seirbhís arna soláthar go díreach ag FSS é Seirbhís Míchumais Intleachta an Deiscirt a chlúdaíonn Baile Átha Cliath theas, Cill Mhantáin agus Cill Dara. Freastalaíonn an tseirbhís ar dhaoine fásta i réimse suíomhanna cónaithe agus tacaithe éagsúla. Bhí 125 cónaitheoir faoina cúram ag an tseirbhís. Bhí an chuid ba mhó de na cónaitheoirí faoi mhíchumas meánach go domhain. Bhí seasca faoin gcéad de na cónaitheoirí ag fáil cógais shíceatrópaigh. Bhí comhpháirt meabhair-shláinte laistigh den tseirbhís míchumais intleachta. Ní raibh sé bunaithe ar an abhantrach.

IMLÍNE DEN PHLEAN GNÓ ÁITIÚIL 2007

Ní raibh aon phlean scríofa ar leith don tseirbhís mheabhair-shláinte laistigh de mhíchumas intleachta. I 2007 cuireadh pleananna chun cinn d'fhonn ionad formheasta a fhorbairt i Mainistir Uí Mhórdha. Bhí tuairisc Fhóram FSS agus as an gcáipéis beartais náisiúnta *A Vision for Change* á úsáid ag an tseirbhís mar threoir dá pleanáil seirbhísí.

FORBAIRTÍ 2006–2007

- Ceapadh síciatraí sainchomhairleach lánaimseartha go buan in Eanáir 2006.
- Ceapadh 0.5 síceolaí cliniciúil tiomnaithe do cheann de an foirne meabhair-shláinte.
- Cailleadh roinnt poist trí lánchosc FSS i Meán Fómhair 2007.
- Thionóil FSS sraith cruinnithe leis na páirtithe leasmhara go léir le linn 2007

TIONSCNAIMH DHEA-CHLEACHTAIS

- Cuireadh oiliúint Studio III ar roinnt baill foirne. Ba theicníc é a úsáideadh chun déileáil le hiompar dúshlánach.
- Bhí próiseas athbhreithnithe gníomhach ar bun do na heachtraí go léir.

IONCHUR ÚSÁIDEOIRÍ SEIRBHÍSE SA tSEIRBHÍS

Tuairiscíodh gur tugadh cuireadh do bhaill Chumann na dTuismitheoirí agus na gCairde teacht chuig cruinnithe bainistíochta na seirbhíse míchumais intleachta ar bhonn ráithiúil. Áit a raibh seirbhís mheabhair-shláinte á fháil ag cónaitheoirí chomh maith, moladh do theaghlaigh a bheith bainteach.

FOIRNE MÍCHUMAIS INTLEACHTA 2006–2007

Chuir an t-seirbhís faisnéis maidir le foirniú ar fáil. Rinneadh comparáid ar an bhfoirniú idir 2006 agus 2007.

Ní raibh go leor acmhainní á fháil ag na foirne i gcomparáid leis an gcáipéis pleanála náisiúnta *A Vision for Change*. Bhí rochtain ag na foirne ar bhaill foirne chliniciúla a raibh saineolas acu ar mhíchumas intleachta lena n-áiríodh, síceolaithe cliniciúla, foirne altranais agus liachleachtóirí.

Foireann A: Chlúdaigh an fhoireann ceithre shuíomh cónaitheach, Hawthorns, Good Counsel Centre, Ospidéal Peamount agus Ospidéal Dhomhnach Broc. Bhí an dá shuíomh deireanach ina suíomhanna cónaitheacha deonacha agus ba dhaonra aosta a bhí iontu don chuid ba mhó. Tháinig an fhoireann le chéile ar bhonn seachtainiúil. Bhí an post do shíceolaí sealadach.

Foireann A

	2006	2007	Grád
Daonra	–	–	
Síciatraí sainchomhairleach	1	1	–
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0.5 (Uainíocht Ghinearálta Daoine Fásta)	0	–
Foireann altranais	0	1	A/CNS

Síceolaí	0	0.5	–
Oibrí sóisialta	0	0	–
Teiripeoir saothair	0	0	–
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0	–
Riarachán	0	0.5	–
Áiseanna	0	0	–

Foireann B: Chlúdaigh an fhoireann Cill Dara agus Cill Mhantáin Thiar. Cuimsíonn sé seo na seirbhísí deonacha sa cheantar agus Aisling House (FSS). Ag am an iniúchta bhí post an tsíciatraí sainchomhairleach líonta ar bhonn sealadach.

Foireann B

	2006	2007	Grád
Daonra			
Síciatraí sainchomhairleach	1	1	
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0	–
Foireann altranais	0	0	–
Síceolaí	0	0	–
Oibrí sóisialta	0	0	–
Teiripeoir saothair	0	0	–
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0	–
Teiripe teaghlaigh	0	0	–
Áiseanna	0	0	–

Foireann C: Chlúdaigh an fhoireann seo Cill Mhantáin Thoir. Ag am an iniúchta bhí post an tsíciatraí sainchomhairleach líonta ar bhonn sealadach. Tuairiscíodh go raibh an post seo le nascadh leis an tseirbhís iniúchta ginearálta agus go ndéanfadh siad bainistiú líne air i 2008.

Foireann C

	2006	2007	Grád

Daonra			
Síciatraí sainchomhairleach	1	1	
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0	–
Foireann altranais	0	0	–
Síceolaí	0	0	–
Oibrí sóisialta	0	0	–
Teiripeoir saothair	0	0	–
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0	–
Áiseanna	0	0	–

ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Ní raibh aon áiseanna tiomnaithe d’othair chónaitheacha. Cuireadh cóireáil ar chónaitheoirí in árais chónaithe pobail. Ag am an iniúchta tuairiscíodh go raibh comhaontú comhpháirtíochta le gníomhaireacht dheonach chun áis d'othair chónaitheacha, le 6 leaba, a fhorbairt ar thailte Mhainistir Uí Mhórdha. Measadh go gcuirfear an t-aonad i gcrích i 2009.

ÁRAIS PHOBAIL

Bhí trí áras cónaithe pobail sa tseirbhís, le foirne altranais iontu 24 uair a' chloig. Bhí roinnt cónaitheoirí ag fáil cúraim mheabhair-shláinte ag amanna ar leith. Thug síciatraí sainchomhairleach cuairt ar na cónaitheoirí sna háiseanna seo. Ní dhearnadh an Chigireacht iniúchadh ar na háiseanna seo cheana.

Na hÁrais

Áras	Cóiríocht	Cineál Míchumais
Hawthorns	30 leaba (cúig bhungaló le 6 leaba iontu)	Míchumas foghlama meánach go trom
Ashling House	22 leaba (cúig theach)	Míchumas foghlama meánach go trom le hiompar dúshlánach
Good Counsel Centre	35 leaba	Míchumas foghlama éadrom go meánach
Good Counsel Centre (Aonad Athshlánaithe Hill View)	10 leaba	Míchumas foghlama éadrom go meánach

BAINISTÍOCHT SEIRBHÍSE

Bhí an tseirbhís faoi bhainistíocht Bhainisteoir Sláinte Áitiúil ainmnithe. Is iad na critéir le bheith tarchurtha chuig na seirbhísí meabhair-shláinte um míchumas intleachta ná: bheith ag fáil cógais shíceatrópaigh, agus daoine os cionn 35 bliana d'aois a bhfuil siondróm Down orthu agus go bhfuil cosúlacht níos mó go dtiocfadh néaltrú orthu. Bhí struchtúr bainistíochta soiléir ar bun don tseirbhís míchumais intleachta. Ní raibh sé soiléir don Chigireacht conas a ndearnadh é seo a idirphlé leis an tseirbhís mheabhair-shláinte arna soláthar. Beartaíodh go nascfar an post i gCill Mhantáin Thoir leis an Stiúrthóir Cliniciúil bunaithe sa tseirbhís ghinearálta do dhaoine fásta i 2008.

CONCLÚID

D'fhorbair an tseirbhís seo ó dhúnadh na seanospidéal síciatrach agus athlonnú dhaoine faoi mhíchumas intleachta chuig cóiríocht níos oiriúnaí. Fostaíodh síciatraithe sainchomhairleacha mar chuid den tseirbhís ghinearálta agus ní raibh aon foirne meabhair-shláinte tiomnaithe ann. Níor forbraíodh seirbhís bunaithe ar abhantrach. Bhí dualgas ar na páirtithe leasmhara go léir a bhí baint acu le cúram a sholáthar teacht le chéile anois agus comhaontú ar phlean seirbhíse do dhaonra abhantraí.

RÉIMSÍ ATÁ LE FORBAIRT

1. Ba chóir go mbeadh seirbhís bunaithe ar dhaonra na habhantraí le foireann de ghairmithe le hoiliúint chuí sa mheabhair-shláinte.

2. Ba chóir go mbeadh struchtúr bainistíochta soiléir ar bun agus plean i scríbhinn d’fhorbairt na seirbhísí.

FSS AN DEISCIRT

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA CHORCAÍ AGUS CHIARRAÍ

CONTAETHA	CORCAIGH AGUS CIARRAÍ
DAONRA (BUNACHAR SONRAÍ D’UIMHREACHA AITHEANTAIS)	3,500
LÍON NA bhFOIRNE	1
IONAID FORMHEASTA	CEANN AR BITH
DÁTA AN CHRUINNITHE INIÚCHTA	12 FEABHRA 2008

CUR SÍOS AR AN tSEIRBHÍS

Fós ní raibh ach síciatraí abhantraí aonair ag soláthar seirbhís do Chorcaigh agus Chiarraí. Chuir caibidlíocht ar chonradh an tsainchomhairleora moill ar dara sainchomhairleoir a fhostú. Bhí trí aonad cónaitheach arna reáchtáil ag FSS agus roinnt seirbhísí arna soláthar ag gníomhaireachtaí deonacha sa cheantar. Ní raibh ceann ar bith de na haonaid chónaitheacha ina ionad formheasta. Bhí rochtain ar bhaill na MDT laistigh d'aonaid chónaitheacha.

FORBAIRTÍ 2006–2007

- Ní dhearnadh aon dul chun cinn ar an dá mholadh a ndearnadh i dtuairisc na Cigireachta 2006. Ní raibh aon phoist bhreise ná fhorbairtí i seirbhísí lae ná in aonad cuí d'othair chónaitheacha.

- Cuireadh roinnt feabhsuithe ar an timpeallacht i Grove House. Rinneadh uasghrádú ar na seomraí leapa, cruthaíodh limistéar lae nua agus roinn nua d'othair sheachtracha a thug níos mó spáis oifige. Cuireadh córas nua de phleanáil cúraim i bhfeidhm.

- Bhí sé beartaithe ag Aonad Naomh Raphael aonad um iompar dúshlánach a fhorbairt le 30 leaba ann. Bhí seirbhís abhcóideachta neamhspleách le bunú.

- Cuireadh seirbhís tacaíochta for-rochtana ar fáil do dhaoine fásta le Asbergers i bhFeabhra 2007. Bhí an tseirbhís tar éis naisc mhaithe a bhunú leis na gníomhaireachtaí bainteacha go léir agus ba é líon na gcás a bhí aici ná 17 gcliant.

TIONSCNAIMH DHEA-CHLEACHTAIS

- Bhí Aonad Naomh Raphael tar éis ráiteas misin agus beartas glactha isteach nua a fhorbairt. Rinneadh measúnuithe roimh ghlacadh isteach anois.

- Bhí athbhreithnithe cáis MDT á dhéanamh anois agus thuairiscigh na foirne altranais gur shíl siad go raibh baint níos mó ach le cúram na gcónaitheoirí.

- Tugadh bainistíocht feidhmíochta foirne-bhunaithe isteach.

FOIRNE MÍCHUMAIS INTLEACHTA 2007

Chuir an t-seirbhís faisnéis maidir le foirniú ar fáil. Rinneadh comparáid ar an bhfoirniú idir 2006 agus 2007.

D'fhan an soláthar foirne mar an gcéanna leis an mbliain roimhe. Bhí síciatraí abhantraí amháin agus NCHD. Chuir na haonaid chónaitheacha roinnt ionchur MDT ar fáil ach bhí easpa de na grúpaí gairmiúla go léir agus bhí ganntanas teiripeoirí urlabhra agus teanga agus oibrithe sóisialta.

Corcaigh agus Ciarraí

	2006	2007	Grád
Daonra (Bunachar Sonraí d'Uimhreacha Aitheantais)		3,500	
Síciatraí sainchomhairleach	1	1	–
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	1	1	–
Foireann altranais	0	0	–
Síceolaí	0	0	–
Oibrí sóisialta	0	0	–
Cúram sóisialta	0	0	–
Teiripeoir saothair	0	0	–

Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0	–
Teiripe teaghlaigh	0	0	–
Teiripe shúgartha	0	0	–

ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Ní raibh aon aonad tiomnaithe d'othair chónaitheacha ann. Bhí rochtain ag an tseirbhís ar leapacha i dtrí aonad cónaitheach. Cuireadh imní in iúl nach raibh na haonaid ina n-ionaid formheasta agus nach ndearnadh iniúchadh ar aonad ar bith.

Lonnaíodh triúr lasmuigh den Stát. Bhí duine amháin in aonad daingean sa RA ach teastaíonn ón gcónaitheoir, óna chlann agus a abhcóide go bhfillfeadh sé ar Éirinn, ach ní raibh aon áis chuí ann faoi láthair a chomhlíonfadh a chuid riachtanas.

BAINISTÍOCHT SEIRBHÍSE

Níor bailíodh an fhaisnéis seo ar lá an iniúchta.

CONCLÚID

Ní raibh go leor acmhainní ag an tseirbhís mheabhair-shláinte do dhaoine faoi mhíchumas intleachta i gCorcaigh agus Ciarraí agus bhí sí faoi bhrú ag iarraidh riachtanais a húsáideoirí seirbhíse a chomhlíonadh. Cuireadh ábhair imní in iúl maidir le stádas na n-aonad cónaitheach agus an easpa próiseas iniúchta.

RÉIMSÍ ATÁ LE FORBAIRT

1. Ba chóir go mbeadh seirbhís bunaithe ar dhaonra na habhantraí ann le foireann de ghairmithe le hoiliúint chuí sa mheabhair-shláinte.

2. Ba chóir go mbeadh struchtúr bainistíochta soiléir ar bun agus plean i scríbhinn d’fhorbairt na seirbhísí.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA PHORT LÁIRGE, LOCH GARMAN, CHEATHARLACH, CHILL CHAINNIGH AGUS THIOBRAID ÁRANN THEAS

CONTAETHA	PORT LÁIRGE, LOCH GARMAN, CEATHARLACH, CILL CHAINNIGH AGUS TIOBRAID ÁRANN THEAS
DAONRA (BUNACHAR SONRAÍ D’UIMHREACHA AITHEANTAIS)	NÍOR CUIREADH AR AIS
LÍON NA bhFOIRNE	CEANN AR BITH
IONAID FORMHEASTA	CEANN AR BITH

DÁTA AN CHRUINNITHE INIÚCHTA	13 FEABHRA 2008

CUR SÍOS AR AN tSEIRBHÍS

Ní raibh aon fhoirne meabhair-shláinte tiomnaithe laistigh den tseirbhís míchumais intleachta. Bhí triúr síciatraithe sainchomhairleacha bunaithe i mBráithre na Carthanachta. Cuireann siad seirbhís chomhairliúcháin ar fáil do na foirne iniúchta ginearálta ar fud an réigiúin agus soláthraíonn siad seirbhís i ngach contae do leanaí agus dhaoine fásta a bhfuil míchumas intleachta orthu. Bhí na seirbhísí teoranta.

IMLÍNE DEN PHLEAN GNÓ ÁITIÚIL 2007

Ní raibh aon phlean gnó don tseirbhís. Tuairiscíodh go mbunófaí grúpa oibre i 2008 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tseirbhís agus pleanáil a dhéanamh di.

FORBAIRTÍ 2006–2007

Ní raibh aon fhorbairtí i 2007.

TIONSCNAIMH DHEA-CHLEACHTAIS

Ní raibh aon tionscnaimh dea-chleachtais i 2007.

IONCHUR ÚSÁIDEOIRÍ SEIRBHÍSE SA tSEIRBHÍS

Ní raibh aon fhoráil ann d'ionchur ó úsáideoirí seirbhíse.

FOIRNE MÍCHUMAIS INTLEACHTA 2006–2007

Chuir an t-seirbhís faisnéis maidir le foirniú ar fáil. Rinneadh comparáid ar an bhfoirniú idir 2006 agus 2007.

Bráithre na Carthanachta – Foireann Meabhair-Shláinte Tiomnaithe: Bhí triúr síciatraithe sainchomhairleacha ag obair sa tseirbhís (1.8 post WTE). Bhí dhá phost tiomnaithe do leanaí. Tairgeadh seirbhísí comhairliúcháin ar fud an réigiúin do leanaí agus dhaoine fásta a raibh riachtanais meabhair-shláinte agus míchumas intleachta meánach, trom nó domhain orthu. Cuireann siad comhairle ar fáil chomh maith do chomhghleacaithe ag obair sa tseirbhís ghinearálta do dhaoine fásta. Bhí rochtain theoranta ar ghairmithe sláinte agus cúram sóisialta ag obair i seirbhísí aitheantais géineasacha.

Bráithre na Carthanachta – Foireann Meabhair-Shláinte Tiomnaithe

	2006	2007
Daonra (Bunachar Sonraí d'Uimhreacha Aitheantais)		
Síciatraí sainchomhairleach	1.8	1.8
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	3 (Rochtain air agus oilte i réimse na meabhair-shláinte)

Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0
Teiripe teaghlaigh	0	0
Teiripe shúgartha	0	0
Áiseanna	0	–

Loch Garman: Ní raibh aon fhoireann tiomnaithe ann. Chuir síciatraí sainchomhairleach do leanaí agus ógánaigh seirbhísí meabhair-shláinte ar fáil do leanaí agus dhaoine fásta a bhí ag fáil seirbhísí cónaitheacha tacaithe in FSS nó a bhí ag freastal ar sheirbhísí oideachais agus idirghabhála luaithe, agus do dhaoine fásta a bhí ag freastal ar chlinicí pobail.

Bhí 25 cónaitheoir faoi mhíchumas intleachta in Ospidéal Naomh Seanan. Bhí siad faoi chúram shíciatraí sainchomhairleach ginearálta do dhaoine fásta a raibh suim speisialta aige/aici in athshlánú. Bhí beirt á mhaoiniú le cur faoi chóireáil lasmuigh den Stát toisc na heaspa seirbhíse. Fuair an tSeirbhís Mheabhair-Shláinte áras cónaithe pobail do ochtar ach ní raibh go leor airgid ann chun foireann a sholáthar don áitreabh agus ní rabhthas in ann an teach a oscailt dá bharr.

Loch Garman

	2006	2007
Daonra (Bunachar Sonraí d'Uimhreacha Aitheantais)		
Síciatraí sainchomhairleach	0.2	0.2
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0
Teiripe teaghlaigh	0	0
Teiripe shúgartha	0	0
Áiseanna	0	0

Port Láirge: Ní raibh aon fhoireann tiomnaithe ann. D'fhreastail triúr síciatraithe sainchomhairleacha ar riachtanais meabhair-shláinte dhaoine fásta i seirbhísí cónaitheacha, lena n-áirítear Seirbhísí Carriglea, Dún Garbháin.

Bhí roinnt cónaitheoirí faoi mhíchumas intleachta in Ospidéal Naomh Otteran gan aon phleananna soiléire chun iad a aistriú go cóiríocht níos oiriúnaí. Bhí duine amháin á mhaoiniú le cur faoi chóireáil lasmuigh den Stát toisc na heaspa seirbhíse.

Port Láirge

	2006	2007
Daonra (Bunachar Sonraí d'Uimhreacha Aitheantais)		
Síciatraí sainchomhairleach	0.4	0.4
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0
Teiripe teaghlaigh	0	0
Teiripe shúgartha	0	0
Áiseanna	0	0

Ceatharlach/Cill Chainnigh: Ní raibh aon fhoireann tiomnaithe ann. D'fhreastail beirt síciatraí sainchomhairleach do leanaí agus ógánaigh ar riachtanais meabhair-shláinte leanaí agus dhaoine fásta in Ionad Naomh Pádraig, Cill Chainnigh. Cuireadh seirbhísí ar fáil do leanaí agus dhaoine fásta sa phobal chomh maith.

I ndiaidh tuairisc iniúchta in Iúil 2007, athlonnaíodh 15 cónaitheoir ó Bharda Kelvin Grove go Barda Naomh Áine. De bharr imní arna cur in iúl ag an gCigireacht, rinneadh saineolas cliniciúil a sholáthar chun measúnú sonrach a chur ar fáil ar gach cónaitheoir. Cuireadh na measúnuithe i gcrích i 2007. Fanann na cónaitheoirí faoi threoir chliniciúil Shíciatraí Sainchomhairleach na hEarnála Thuaidh agus a fhoireann. Cuireadh duine amháin lasmuigh den Stát i 2007 le haghaidh cóireála nach féidir a fháil go háitiúil ná go náisiúnta.

Ceatharlach/Cill Chainnigh

	2006	2007
Daonra (Bunachar Sonraí d'Uimhreacha Aitheantais)		

Síciatraí sainchomhairleach	0.4	0.4
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0
Teiripe teaghlaigh	0	0
Teiripe shúgartha	0	0
Áiseanna	0	0

Tiobraid Árann Theas: Ní raibh aon fhoireann tiomnaithe ann. Chuir triúr síciatraithe sainchomhairleacha seirbhísí meabhair-shláinte ar fáil do leanaí agus dhaoine fásta i suíomhanna meabhair-shláinte tacaithe, seirbhísí oideachais agus laistigh den phobal.

Bhí 26 duine faoi mhíchumais intleachta ina gcónaí in Ospidéal Naomh Lúcás. Tosaíodh ar phróiseas measúnaithe comhaontaithe agus tá measúnú déanta ar 17 cónaitheoir. Bhí seachtar cónaitheoirí aosta agus tugadh tosaíocht dá riachtanais sláinte agus cóiríocht chuí á fháil dóibh. Comhaontaíodh, i bprionsabal, go mbeadh a nOifig Sláinte Áitiúil freagrach as daoine aonair ó Thiobraid Árann Thuaidh. Bhí duine amháin á mhaoiniú le cur faoi chóireáil lasmuigh den Stát toisc na heaspa seirbhíse.

Tiobraid Árann Theas

	2006	2007
Daonra (Bunachar Sonraí d'Uimhreacha Aitheantais)		
Síciatraí sainchomhairleach	0.2	0.2
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0

Teiripe teaghlaigh	0	0
Teiripe shúgartha	0	0
Áiseanna	0	0

ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Ní raibh aon áiseanna tiomnaithe d’othair chónaitheacha sa cheantar cliniciúil seo. Bhí ceithre shuíomh cónaitheach ann. Thuairiscigh na seirbhísí go léir nár cuireadh cóireáil chuí ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta i ngéaraonaid do dhaoine fásta agus gur fhan siad ann ar feadh tréimhsí fada go minic. Ní raibh aon MDT cliniciúil le hacmhainní iomlána ann chun riachtanais an ghrúpa seo a chomhlíonadh. Mar thoradh ar seo ba ghá daoine a aistriú lasmuigh den Stát le cóireáil a chur orthu, rud a bhí costasach agus mí-oiriúnach. D'fhan daoine faoi mhíchumas intleachta éadrom i ngéaraonaid síciatrachta gan an saineolas a bheith ann chun a raon casta de riachtanais shíciatracha agus shóisialta a chomhlíonadh.

BAINISTÍOCHT SEIRBHÍSE

Ní raibh struchtúr bainistíochta aonfhoirmeach i bhfeidhm.

CONCLÚID

Bhí gach seirbhís faoi bhrú ag iarraidh déileáil leis na daoine faoi mhíchumas intleachta a bhí sna bardaí fadtréimhseacha cheana féin agus leis an riachtanas nua a bhí ag teacht chun cinn. Bhí bacainní suntasacha ann: an lánchosc ar sholáthar foirne agus an easpa plean chun dul chun cinn a dhéanamh ar an ábhar.

RÉIMSÍ ATÁ LE FORBAIRT

1. Ba chóir go mbeadh seirbhís bunaithe ar dhaonra na habhantraí ann le foireann de ghairmithe le hoiliúint chuí sa mheabhair-shláinte.

2. Ba chóir go mbeadh struchtúr bainistíochta soiléir ar bun agus plean i scríbhinn d’fhorbairt na seirbhísí.

3. Ba chóir measúnú a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta ina gcónaí in ospidéil shíciatracha agus a mhalairt de cóiríocht chuí a sholáthar bunaithe ar riachtanas.

FSS AN IARTHAIR

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA AN CHLÁIR, LUIMNIGH AGUS THIOBRAID ÁRANN THUAIDH

CONTAETHA	LUIMNEACH, TIOBRAID ÁRANN THUAIDH, AN CLÁR
DAONRA (BUNACHAR SONRAÍ D’UIMHREACHA AITHEANTAIS)	NÍOR CUIREADH AR AIS

LÍON NA bhFOIRNE	CEANN AR BITH
IONAID FORMHEASTA	CEANN AR BITH
DÁTA AN CHRUINNITHE INIÚCHTA	27 FEABHRA 2008

CUR SÍOS AR AN tSEIRBHÍS

Tá ceithre sheirbhís mhór míchumais intleachta ar leith ag an gceantar seo. Ba hiad sin ná Bráithre na Carthanachta, Iníonacha na Carthanachta, Fondúireacht Naomh Iósaf agus Seirbhísí Naomh Áine i Ros Cré. Ní raibh aon fhoirne meabhair-shláinte tiomnaithe ann. Bhí poist shíciatraí sainchomhairleach 1.5 coibhéis lánaimseartha (WTE) bunaithe sna gníomhaireachtaí deonacha. Ní raibh ach daoine fásta laistigh de na seirbhísí ag baint leasa as socrúchán cónaitheach nó ceardlainne i dteideal seirbhís mheabhair-shláinte.

IMLÍNE DEN PHLEAN GNÓ ÁITIÚIL 2007

Ní raibh aon phlean gnó aonair ann don cheantar i 2007. Cuireann na gníomhaireachtaí deonacha tograí chuig FSS gach bliain chun comhaontaithe ar leibhéal seirbhíse a chomhlíonadh. Cuireadh tograí chun seirbhísí a fhorbairt do dhaoine fásta agus leanaí, arna scríobh ag cliniceoirí ar leith i mBealtaine 2006, faoi bhráid na Cigireachta. Bhí siad bunaithe ar mholtaí *A Vision for Change.* Cuireadh dréacht den *Mental Health Plan for the Daughters of Charity 2008* faoi bhráid na Cigireachta.

FORBAIRTÍ 2006–2007

An Clár

- Ba é naoi mí an liosta feithimh ar dara thuairim sna seirbhísí meabhair-shláinte géineasacha i 2007.
- Aithníodh riosca sa nós imeachta le hathbhreithniú a dhéanamh ar chónaitheoirí faoi mhíchumas foghlama a scaoileadh ó Ospidéal Mhuire Inis ar chógas síceatrópach. Tuairiscíodh ar seo i scríbhinn chuig an mBainisteoir Sláinte Áitiúil i Nollaig 2007.

Luimneach

- Thosaigh Bráithre na Carthanachta athbhreithniú inmheánach ar Cois Coilte, aonad d'iompar dúshlánach.
- Dáileadh maoiniú de g75,000 leis an tseirbhís ó mhaoiniú *A Vision for Change* . Níor líonadh post ar bith.

Tiobraid Árann Thuaidh

- Fuair seirbhís Naomh Áine i Ros Cré síciatraí sainchomhairleach ar conradh ó thír eile le hathbhreithniú a dhéanamh ar chónaitheoirí ar chógas síceatrópach gach sé seachtaine.

TIONSCNAIMH DHEA-CHLEACHTAIS

An Clár

- Rinne Bráithre na Carthanachta athbhreithniú ar a mbeartas um iompar dúshlánach.
- Rinneadh athbhreithniú ar na cónaitheoirí faoi mhíchumas intleachta i gcóiríocht faoi mhaoirseacht alta 24 uair a' chloig i Seirbhísí Meabhair-Shláinte an Chláir, agus úsáid srianta ag SR i seirbhísí ginearálta do dhaoine fásta san áireamh.

Tiobraid Árann Thuaidh

- Ghlac an tseirbhís páirt i dtionscadal taighde um phleanáil bunaithe ar an duine dar teideal PATHS a bhí bunaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

- Chomhfhorbair an tseirbhís agus an National Learning Network clár fócais do dhaoine le dédhiagnóis.

IONCHUR ÚSÁIDEOIRÍ SEIRBHÍSE SA tSEIRBHÍS

Ní raibh aon seirbhís abhcóideachta fhorbartha ann d'úsáideoirí seirbhíse.

FOIRNE MÍCHUMAIS INTLEACHTA 2006–2007

Chuir an t-seirbhís faisnéis maidir le foirniú ar fáil. Rinneadh comparáid ar an bhfoirniú idir 2006 agus 2007.

An Clár: Bhí poist shíciatraí sainchomhairleach 4.5 WTE bunaithe i mBráithre na Carthanachta, Luimneach. Tugann an síciatraí sainchomhairleach i Luimneach cuairt ar Sheirbhísí Bhráithre na Carthanachta, An Clár, lá amháin sa mhí chun clinic meabhair-shláinte a sholáthar. Bhí 120 úsáideoir seirbhíse in iomlán ag freastal ar an tseirbhís sin. Idir na cuairteanna seo déileáladh leis na fadhbanna cliniciúla go léir, oidis san áireamh, ar an teileafón. Chuir cliniceoirí an riosca seo in iúl don Bhainisteoir Sláinte Áitiúil i scríbhinn.

Tá dhá áras cónaithe pobail 24 uair a' chloig ag na seirbhísí ginearálta do dhaoine fásta a fhreastalaíonn ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta a scaoileadh ó Ospidéal Mhuire iad. Ní bhfuair siad sainseirbhís. Bhí seisear cónaitheoirí i Cappahard Lodge agus cónaitheoir amháin in Orchard Grove. Bhí siad faoi chúram na foirne síciatraí do dhaoine scothaosta agus na bhfoirne athshlánaithe.

An Clár

	2006	2007
Daonra		
Síciatraí sainchomhairleach	0.5	0.5
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0
Áiseanna	0	0

Luimneach: Bhí dhá phost shíciatraí sainchomhairleach bunaithe sna gníomhaireachtaí deonacha. Roinneadh a gcuid oibre mar seo a leanas: is é a bhí sa chéad phost ná 4.5 seisiún le Bráithre na Carthanachta agus 6.5 seisiún le hIníonacha na Carthanachta, agus roinneadh an dara phost idir 0.5 seirbhísí meabhair-shláinte do leanaí agus ógánaigh agus 0.5 Daoine Fásta Bhráithre na Carthanachta. Bhí 14 duine faoi mhíchumas intleachta a bhí ina gcónaí in Ospidéal Síciatrach Naomh Iósaf. Ba ghrúpa aosta iad a bhí faoi chúram na foirne athshlánaithe.

Luimneach

	2006	2007
Daonra		106,544
Síciatraí sainchomhairleach	2	2
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	2
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0
Áiseanna	0	0

Tiobraid Árann Thuaidh/Luimneach Thoir: Tá 450 úsáideoir seirbhíse in iomlán ag Iníonacha na Carthanachta, seirbhísí lae san áireamh. Bhí 142 i gcúram cónaitheach agus 84 i seirbhísí cónaitheacha pobail. Bhí 100 ar chógas síceatrópach. Bíonn 6.5 seisiún acu le síciatraí sainchomhairleach. Bhí 130 duine i gcúram cónaitheach ag Seirbhísí Naomh Áine i Ros Cré agus bhí 90 faoin gcéad díobh ar chógas síceatrópach. Faigheann siad síciatraí sainchomhairleach ar conradh ar bhonn seisiúnach chun athbhreithniú a dhéanamh ar chógas. Tosaíodh ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta ó Ospidéal Naomh Lúcás i gCluain Meala a shocrú i gcóiríocht chuí i 2007.

Tiobraid Árann Thuaidh/Luimneach Thoir

	2006	2007
Daonra		
Síciatraí sainchomhairleach	6.5 seisiún 1 (conradh seisiúnach)	6.5 seisiún 1 (conradh seisiúnach)
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	0
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0

Áiseanna	0	0

AN FHOIREANN DO LEANAÍ FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA

Ní raibh aon fhoireann tiomnaithe ann do leanaí faoi mhíchumas intleachta. Bhí 0.5 WTE de phost shíciatraí sainchomhairleach tiomnaithe do leanaí a fhreastalaíonn ar Iníonacha na Carthanachta. Bhí an chuid eile den phost san fhoireann um sheirbhísí meabhair-shláinte do leanaí agus ógánaigh. Ní fhéachann na foirne idirghabhála luaithe a cuireadh ar bun sa réigiún ach ar leanaí a bhfuil níos mó ná dhá mhoill forbartha orthu.

An Clár

	2006	2007
Daonra		
Síciatraí sainchomhairleach	1 lá sa mhí	1 lá sa mhí
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	0	1
Foireann altranais	0	0
Síceolaí	0	0
Oibrí sóisialta	0	0
Teiripeoir saothair	0	0
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0
Áiseanna	0	0

ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Ní raibh aon áiseanna tiomnaithe d’othair chónaitheacha. Bhí cónaitheoirí á nglacadh isteach i ngéaráiseanna d'othair chónaitheacha ina ndaoine fásta faoi láthair. Ghlac na gníomhaireachtaí deonacha cinneadh beartais nach dteastaíonn uathu na hionaid formheasta a fhorbairt. Ag am an iniúchta ní raibh aon chinneadh déanta faoin áit ar chóir ionad formheasta a lonnú. Tháinig grúpa comhairliúcháin réigiúnach le chéile uair amháin in Eanáir 2007. Níor tuairiscíodh a thuilleadh forbairtí.

ÁRAIS PHOBAIL

An Clár: Tá freagracht chliniciúil ag na seirbhísí ginearálta do dhaoine fásta as dhá áras cónaithe pobail 24 uair a' chloig a fhreastalaíonn ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Ní bhfuair siad sainseirbhís.

Na hÁrais

Áras	Áiteanna	Cónaitheoirí	Leapacha faoisimh	An fhoireann atá freagrach	Plean cúraim

Ionad Míchumais Intleachta Avonree	9	7	0	Seirbhís Ginearálta do Dhaoine Fásta ar glao-dhualgas	Altranas
Ionad Míchumais Intleachta Cois Mara	15	14	0	Seirbhís Ginearálta do Dhaoine Fásta ar glao-dhualgas	Altranas

BAINISTÍOCHT SEIRBHÍSE

Ní raibh struchtúr amháin bainistíochta seirbhíse i bhfeidhm. Bíonn idirchaidreamh díreach idir na gníomhaireachtaí deonacha agus an bainisteoir míchumais agus na bainisteoirí sláinte áitiúla sna ceantair. D'fhostaigh na gníomhaireachtaí deonacha síciatraithe sainchomhairleacha go díreach.

CONCLÚID

Ar an iomlán, ó am na tuairisce deireanaí, níor tháinig aon athrú ar sholáthar na seirbhísí do dhaoine fásta agus leanaí faoi mhíchumas intleachta a bhfuil seirbhís mheabhair-shláinte de dhíth orthu. Ba ghá do FSS príomhról a ghlacadh in eagrú forbairt na sainseirbhíse seo a bheidh bunaithe ar mhúnla daonra abhantraí. Caithfear soláthar sainseirbhíse do chónaitheoirí a scaoileadh, nó a bhí á scaoileadh, ó bhardaí síciatracha fadtréimhseacha a phlé.

RÉIMSÍ ATÁ LE FORBAIRT

1. Ba chóir go mbeadh seirbhís bunaithe ar dhaonra na habhantraí ann le foireann de ghairmithe le hoiliúint chuí sa mheabhair-shláinte.

2. Ba chóir go mbeadh struchtúr bainistíochta soiléir ar bun agus plean i scríbhinn d’fhorbairt na seirbhísí.

3. Ba chóir measúnú a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas intleachta ina gcónaí in ospidéil shíciatracha agus a mhalairt de cóiríocht chuí a sholáthar bunaithe ar riachtanas.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTA NA GAILLIMHE, MHAIGH EO AGUS ROS COMÁIN

CONTAETHA	GAILLIMH, MAIGH EO, ROS COMÁIN
DAONRA (BUNACHAR SONRAÍ D’UIMHREACHA AITHEANTAIS)	
LÍON NA bhFOIRNE	3
IONAID FORMHEASTA	CEANN AR BITH
DÁTA AN CHRUINNITHE INIÚCHTA	26 FEABHRA 2008

CUR SÍOS AR AN tSEIRBHÍS

Gaillimh agus Ros Comáin: Bhí síciatraí sainchomhairleach amháin freagrach as seirbhísí meabhair-shláinte a sholáthar do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachta ar fud an dá chontae. Toisc an daonra mór agus an leathnú geografach thar an dá chontae, bhí an tseirbhís do Ros Comáin neamhleor agus bhí daoine faoi mhíchumas intleachta a raibh seirbhís mheabhair-shláinte de dhíth orthu ag baint leasa as an tseirbhís mheabhair-shláinte ghéineasach do dhaoine fásta chomh maith.

I nGaillimh, bhí fiosrú á dhéanamh ag an gCoimisiún um Chearta an Duine ar fhóntacht sholáthar na n-acmhainní agus na n-áiseanna cuí ag an Stát do chónaitheoirí i gceann de na hionaid chónaitheacha mhóra arna reáchtáil ag eagraíocht dheonach faoi chomhaontú seirbhíse le FSS. Bhí méadú suntasach i líon na náisiúnach neamh-Éireannach i nGaillimh a raibh míchumas intleachta suntasach orthu, iompar dúshlánach acu agus uathachas orthu, agus chuir sé seo dúshlán roimh sheirbhísí le measúnuithe agus seirbhísí a chur ar fáil a bhí íogair ó thaobh cultúir agus teangeolaíochta de. Bhí sé seo níos deacra fós do náisiúnaigh neamh-Éireannacha a bhí bunaithe i gConamara, áit ar ghá seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge.

Maigh Eo: Chuir síciatraí sainchomhairleach amháin, NCHD amháin, CNS amháin agus síceolaí cliniciúil 0.2 WTE an tseirbhís míchumais intleachta do dhaoine fásta ar fáil. Chuir síciatraí sainchomhairleach 0.5 seirbhís ar fáil do leanaí le dédhiagnóis.

FORBAIRTÍ 2006–2007

- D'ainneoin na moltaí i dTuairisc na Cigire 2006 go gcaithfí foirne meabhair-shláinte do mhíchumas intleachta a cheapadh gan mhoill, ní raibh aon fhoirne ildisciplíneacha tiomnaithe do mheabhair-shláinte le míchumas intleachta i nGaillimh, i Ros Comáin ná i Maigh Eo.

- I nGaillimh, d'ainneoin na moltaí i dTuairisc na Cigire 2006 go gcaithfí seirbhís othar cónaitheach do dhaoine faoi mhíchumas intleachta agus mheabhairghalar a sholáthar, ní raibh ach ceithre leaba tiomnaithe don réigiún do dhaoine faoi mhíchumas intleachta agus mheabhairghalar, agus ní raibh siad sin faoi threoir aon sainchomhairleora ar leith. Ní raibh aon leapacha tiomnaithe i Maigh Eo ná Ros Comáin, ach tuairiscíodh gur oibrigh rochtain ar leapacha sa ghéaraonad i Maigh Eo go maith mar glacadh daoine isteach faoi chúram an tsíciatraithe sainchomhairligh i míchumas intleachta a bhí ar an uainchlár ar glaoch do shainchomhairleoirí chomh maith.

- Rinneadh uasghrádú ar an gcóiríocht i mBéal Átha na Sluaighe. Tugadh Oirthear agus Iarthar na Gaillimhe le chéile mar abhantrach amháin. Tosaíodh ar an bpróiseas chun seirbhísí meabhair-shláinte agus seirbhísí míchumais intleachta a scaradh óna chéile. Cuireadh grúpa forfheidhmithe do *A Vision for Change* ar bun agus chuimsigh sé páirtithe seirbhíse deonaí FSS ar nós Bráithre na Carthanachta agus Ability West (Galway Association roimhe seo). Cuireadh grúpa forfheidhmithe FSS Thiar ar bun chomh maith.

TIONSCNAIMH DHEA-CHLEACHTAIS

- Cuireadh grúpa, seirbhísí meabhair-shláinte do mhíchumas intleachta san áireamh, ar bun chun beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus chun moltaí a thabhairt faoi deara a thagann chun cinn toisc thimpistí tromchúiseacha i seirbhísí meabhair-shláinte na Gaillimhe. Ó mholtaí thuairisc McCoy, tá gach eachtra drochúsáide curtha in iúl ag FSS anois, ní heachtraí a bhaineann le leanaí amháin. Cuireadh grúpa oibre ar bun chun moltaí McCoy a chur ar aghaidh, a chuimsigh moladh chun árais chónaithe mhóra a dhúnadh.

- Rinneadh comhoiliúint idir Ability West agus Bráithre na Carthanachta, ag díriú ar réimsí ar nós saincheisteanna úsáideoirí seirbhíse a aithint go luath, iad siúd le fadhbanna meabhair-shláinte san áireamh. Thionscain síceolaithe scagadh meabhair-shláinte ar úsáideoirí seirbhíse fásta i Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta chun aithint agus idirghabháil luath a éascú.

- Thug beirt bhall foirne ó Ability West cuairt ar sheirbhísí lasmuigh den Stát d'fhonn cabhrú le haisdúichiú úsáideoir seirbhíse faoi mhíchumas intleachta agus mheabhairghalar.

- Bunaíodh grúpa le féachaint ar an ngá le hionaid formheasta agus áiseanna íoschéimneacha i seirbhísí meabhair-shláinte do mhíchumas intleachta.

- Bhí grúpa tras-eagraíochta de chomhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla ag féachaint ar ionad ilfhreastail a fhorbairt do sheirbhísí míchumais i mBéal Átha na Sluaighe. Bheadh an fhorbairt seo tacaithe le struchtúir Chúram Príomhúil Pobail agus Leanúnach (CPPL) agus bheadh sé lonnaithe ar shuíomh faoi úinéireacht Ability West.

FOIRNE MÍCHUMAIS INTLEACHTA 2007

Chuir an tseirbhís faisnéis ar fáil faoin soláthar foirne do 2007. Níor bailíodh faisnéis do 2006.

Ní raibh go leor foirne ag na seirbhísí chun dul i ngleic leis an éileamh reatha, an riachtanas nach bhfuil á chomhlíonadh agus riachtanais an bheartais náisiúnta. Bhí easnamh tromchúiseach ann maidir le meascán scileanna na ngairmithe ar gach foireann.

Gaillimh

	2006	2007	Grád
Daonra			
Síciatraí sainchomhairleach	-	1	
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	-	0	
Foireann altranais	-	0	
Síceolaí	-	0	
Oibrí sóisialta	-	0	
Teiripeoir saothair	-	0	
Teiripeoir urlabhra agus teanga	-	0	
Teiripe teaghlaigh	-	0	
Teiripe shúgartha	-	0	

Maigh Eo

	2006	2007	Grád
Daonra			
Síciatraí sainchomhairleach	-	1.5	0.5 Síciatraí do leanaí agus ógánaigh
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	-	1	
Foireann altranais	-	1	CNS

Síceolaí	-	0.2	
Oibrí sóisialta	-	0	
Teiripeoir saothair	-	0	
Teiripeoir urlabhra agus teanga	-	0	
Teiripe teaghlaigh	-	0	
Teiripe shúgartha	-	0	

Ros Comáin

	2006	2007	Grád
Daonra			
Síciatraí sainchomhairleach	-	1 (arna roinnt le Gaillimh)	
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	-	0	
Foireann altranais	-	0	
Síceolaí	-	0	
Oibrí sóisialta	-	0	
Teiripeoir saothair	-	0	
Teiripeoir urlabhra agus teanga	-	0	
Teiripe teaghlaigh	-	0	
Teiripe shúgartha	-	0	

Seirbhísí Míchumais Foghlama Iarthar na Gaillimhe

	2006	2007	Grád
Daonra			
Síciatraí sainchomhairleach	-	Mar atá ag teastáil	

NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	-	0.5	
Comhordaitheoir foirne tiomnaithe	-	1	ADON
CMHN	-	0	
Síceolaí	-	0	
Oibrí sóisialta	-	0	
Teiripeoir saothair	-	0	
Comhairleoir andúile tiomnaithe	-	0	
Soláthar foirne altranais d'áis lae	-	2	CNM2

ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Gaillimh: Bhí ceithre leaba tiomnaithe i nGaillimh do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachta agus mheabhairghalar in Ospidéal Naomh Bríd, Béal Átha na Sluaighe, agus bhí deichniúr eile le hiompar dúshlánach ag fáil cúraim agus cóireáil d'othair chónaitheacha i mbardaí eile. Tuairiscíodh go raibh sé deacair ar na daoine seo rochtain a fháil ar sheirbhísí leighis ginearálta toisc a ndédhiagnóise.

Maigh Eo: Ní raibh aon leapacha tiomnaithe le fáil i Maigh Eo ach bhí teacht ar leapacha sa ghéaraonad síciatrach in Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo agus d'fheidhmigh an síciatraí sainchomhairleach i míchumas intleachta mar chuid den chóras uainíochta ar glaoch do shainchomhairleoirí san ospidéal. Thuairiscigh an tseirbhís gur oibrigh an socrú seo go maith.

Ros Comáin: Ní raibh aon leapacha tiomnaithe le fáil i Ros Comáin ach bhí teacht ar leapacha sa ghéaraonad faoi chúram shíciatraí sainchomhairleach na hearnála ginearálta do dhaoine fásta.

ÁRAIS PHOBAIL

Bhí ocht n-áras cónaithe pobail ann, le hionchur altranais 24 uair a' chloig iontu go léir. Bhí freagracht chliniciúil ag na foirne ginearálta do dhaoine fásta as na hárais chónaithe. Ní raibh plean cúraim MDT ag duine ar bith de na cónaitheoirí.

Na hÁrais

Áras	Áiteanna	Cónaitheoirí	Leapacha faoisimh	An fhoireann atá freagrach	Plean cúraim
Ashfield Drive	6	6	0	Ginearálta do Dhaoine Fásta	Altranas
Beech Haven	5	5	0	Ginearálta do Dhaoine Fásta	Altranas
Hazel Heights	5	5	0	Ginearálta do Dhaoine Fásta	Altranas
Heatherview	5	5	0	Ginearálta do	Altranas

				Dhaoine Fásta	
Maple Lodge	5	4	0	Ginearálta do Dhaoine Fásta	Altranas
Oakgrove	11	11	0	Ginearálta do Dhaoine Fásta	Altranas
The Poplars	5	5	0	Ginearálta do Dhaoine Fásta	Altranas
Walnut Grove	6	6	0	Ginearálta do Dhaoine Fásta	Altranas

CONCLÚID

Tá na seirbhísí meabhair-shláinte do mhíchumas intleachta i leanaí agus daoine fásta fós neamhleor, go háirithe do leanaí agus dhaoine fásta i Ros Comáin agus do leanaí i nGaillimh. De bharr na heaspa foirne tacaíochta riaracháin do na foirne bhí orthu am cliniciúil a bhí teoranta go maith cheana féin a chaitheamh ar thascanna cléireachais agus riaracháin. Ní raibh aon fhoirne ildisciplíneacha tiomnaithe i seirbhísí meabhair-shláinte do dhaoine faoi mhíchumas intleachta.

RÉIMSÍ ATÁ LE FORBAIRT

1. Ba chóir go mbeadh seirbhís bunaithe ar dhaonra na habhantraí ann le foireann de ghairmithe le hoiliúint chuí sa mheabhair-shláinte.

2. Ba chóir go mbeadh áis oiriúnach d'othair chónaitheacha ar fáil.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO MHÍCHUMAS INTLEACHTA SHLIGIGH/LIATROMA

CONTAETHA	SLIGEACH, LIATROIM, AN CABHÁN THIAR
DAONRA (BUNACHAR SONRAÍ D'UIMHREACHA AITHEANTAIS)	859
LÍON NA bhFOIRNE	1
IONAID FORMHEASTA	CEANN AR BITH
DÁTA AN CHRUINNITHE INIÚCHTA	4 FEABHRA 2008

CUR SÍOS AR AN tSEIRBHÍS

Chuir síciatraí sainchomhairleach amháin agus NCHD amháin agus ball foirne riaracháin cléireachais amháin an tseirbhís meabhair-shláinte do mhíchumas intleachta ar fáil do Shligeach, Liatroim agus An Cabhán Thiar. Mar a tuairiscíodh anuraidh, bhí teacht ar shíceolaíocht chliniciúil, obair shóisialta agus theiripe urlabhra agus teanga tríd an tseirbhís míchumais intleachta ghéineasach agus trí chúram pobail. Tharla cumarsáid idir an triúr gairmithe seo ag cruinnithe foirne rialta.

Le linn 2007, soláthraíodh acmhainní agus tacaíocht shuntasach chun 35 duine a athlonnú ó Clonnamahon House go hárais chónaithe pobail, d'fhan líon mór ina gcónaí in institiúidí áfach: d'fhan 69 i Cloonamahon agus 137 i Wisdom Services, coimpléasc Cregg House. Bhí 859 duine aonair faoi mhíchumas foghlama ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Intleachta, bhí 670 díobh siúd ina gcónaí i Sligeach agus 180 ina gcónaí i Liatroim agus sa Chabhán Thiar. San áireamh anseo bhí 93 leanbh agus duine óg a fuair diagnóis uathachais. Bhí dédhiagnóis de mhíchumas intleachta agus mheabhairghalar ag 210 duine sa réigiún seo.

IMLÍNE DEN PHLEAN GNÓ ÁITIÚIL 2007

Formheasadh dhá phost CNS: ceann amháin i dteiripe iompraíochta agus an ceann eile mar altra meabhair-shláinte pobail i 2008. Bhí na poist seo curtha ar feitheamh áfach, toisc ganntanais sa bhuiséad.

FORBAIRTÍ SEIRBHÍSE 2006–2007

- Mhol tuairisc 2006 go mbeadh foireann meabhair-shláinte le hacmhainní iomlána i Sligeach do dhaoine faoi mhíchumas intleachta agus dhaoine le fadhbanna meabhair-shláinte, ach ní dhearnadh dul chun cinn ar bith ina leith seo.

- Cuireadh clár cónaithe neamhspleách le naisc chuig an údarás áitiúil ar bun agus clár breisoideachais chomh maith.

TIONSCNAIMH DHEA-CHLEACHTAIS

- Thosaigh an síciatraí sainchomhairleach fóram meabhair-shláinte, a d'éascaigh fócas ar dhea-chleachtais a cur chun cinn i gcomhar le clubanna dialainne.

- Forbraíodh cúrsa dédhiagnóise d'altraí cláraithe i míchumas intleachta. Ba shocrú comhpháirtíochta é seo le FSS, Creg House agus St. Angela's College, Sligeach. Ba é an plean ná tacú le 30 go 35 ball foirne altranais chun an cúrsa a dhéanamh thar thréimhse trí bliana.

- Thosaigh grúpa tacaíochta ildisciplíneach agus ilghníomhaireachta do néaltrú mar fhreagairt ar na saincheisteanna méadaitheacha ag teacht chun cinn ón ndaonra atá ag dul in aois. Tá dioplómaí faighte ag beirt altra i gcúram néaltrú.

- Cuireadh grúpa forbartha beartais ar bun le hoibriú ar mheasúnú riosca agus iompair dhúshlánacha.

- Thosaigh oiliúint ar chaidrimh agus ghnéasacht. Ghlac 27 ball foirne páirt in oiliúint feasachta dhá-lá agus chuaigh 12 díobh siad ar aghaidh le bheith oilte mar oiliúnóirí.

IONCHUR ÚSÁIDEOIRÍ SEIRBHÍSE SA tSEIRBHÍS

Tosaíodh tionscnamh abhcóideachta i gcomhpháirtíocht leis an mBord Eolais do Shaoránaigh. Ceapadh oifigeach forbartha abhcóideachta neamhspleách arna mhaoiniú ag an mBord Eolais do Shaoránaigh, thosaigh clár oiliúna d'úsáideoirí seirbhíse agus don fhoireann i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Shligigh, agus chuir an t-oifigeach forbartha abhcóideachta oiliúint leanúnach ar fáil do ghrúpa féin-abhcóideachta agus ghrúpaí ionadaíochta. Bhí cruinnithe rialta ag an oifigeach forbartha abhcóideachta leis na príomhbhaill foirne tacaíochta tiomnaithe i ngach ceann de na seirbhísí.

FOIRNE MÍCHUMAIS INTLEACHTA 2006–2007

Chuir an t-seirbhís faisnéis maidir le foirniú ar fáil. Rinneadh comparáid ar an bhfoirniú idir 2006 agus 2007.

Sligeach

	2006	2007	Grád
Daonra			
Síciatraí sainchomhairleach	1	1	
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	1	1	
Foireann altranais	0	0	
Síceolaí	0	0	
Oibrí sóisialta	0	0	
Teiripeoir saothair	0	0	
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0	
Teiripe teaghlaigh	0	0	
Teiripe shúgartha	0	0	
Riarachán	0	1	Grád 4

ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Bhí rochtain ar dhá leaba sa ghéaraonad síciatrach do dhaoine fásta i Sligeach. Níor tógadh an t-aonad seo go sainiúil do chónaitheoirí faoi mhíchumas intleachta agus bhí sé an-mhíoiriúnach dóibh siúd faoi mhíchumas intleachta trom agus domhain. Ionchorpraíodh ceithre leaba tiomnaithe sa phlean do ghéaraonad síciatrach nua in Ospidéal Ginearálta Shligigh. Cuireadh moill ar an dul chun cinn áfach, ag feitheamh ar phlean rialaithe forbartha do Ospidéal Ginearálta Shligigh. Dúradh leis an gCigireacht go mbeifear ag súil le cinneadh i Meitheamh 2008. Chomh maith le leapacha d'othair chónaitheacha, bhí gá le roghanna cónaitheacha do dhaoine i gcóiríocht tacaithe a d'fhéadfadh ionchur níos mó a bheith de dhíth orthu i gcás géarchéime ach nár gá cúram othar cónaitheach a thabhairt dóibh.

CONCLÚID

D'ainneoin tacaíocht shuntasach leanúnach na seirbhísí míchumais intleachta géineasacha agus iarrachtaí na foirne chun cleachtais agus scileanna a fhorbairt, d'fhan na seirbhísí meabhair-shláinte do dhaoine faoi mhíchumas intleachta gan go leor acmhainní. Ní raibh aon fhoireann tiomnaithe ildisciplíneach meabhair-shláinte ann ná aon áiseanna cuí d'othair chónaitheacha, go háirithe dóibh siúd a bhfuil míchumas intleachta domhain nó meánach orthu. Ba ghá cóireáil a chur ar dhaoine lasmuigh den Stát toisc easpa seirbhísí fóiréinseacha cuí. Ba ghá cóireáil a chur ar dhaoine sa bhaile, i gcúram faoisimh, nó in aonaid chónaitheacha toisc nádúr teoranta agus, uaireanta, mhí-oiriúnacht na ngéarleapacha glactha isteach. Chuir cliniceoirí imní in iúl faoi easpa rialála sna suíomhanna seo, mar ní bhíonn na cosaintí céanna ag cónaitheoirí is a dtugtar do chónaitheoirí in ionaid formheasta.

RÉIMSÍ ATÁ LE FORBAIRT

1. Ba chóir go mbeadh seirbhís bunaithe ar dhaonra na habhantraí ann le foireann de ghairmithe le hoiliúint chuí sa mheabhair-shláinte.

2. Ba chóir go leanadh forbairt an ghéaraonaid nua in Ospidéal Ginearálta Shligigh, le leapacha saindeartha, tiomnaithe do dhaoine faoi mhíchumas intleachta agus mheabhairghalar, ar aghaidh gan mhoill.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO MHÍCHUMAS INTLEACHTA DHÚN NA nGALL

CONTAETHA	DÚN NA NGALL
DAONRA (BUNACHAR SONRAÍ D'UIMHREACHA AITHEANTAIS)	968
LÍON NA bhFOIRNE	1
IONAID FORMHEASTA	CEANN AR BITH
DÁTA AN CHRUINNITHE INIÚCHTA	4 FEABHRA 2008

CUR SÍOS AR AN tSEIRBHÍS

Chuir síciatraí sainchomhairleach amháin agus NCHD amháin agus ball foirne riaracháin Grád 4 amháin an tseirbhís meabhair-shláinte do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachta ar fáil do 294 duine. BHÍ rochtain ar shíceolaíocht chliniciúil agus obair shóisialta teoranta chuig an méid arna cur ar fáil ag cúram pobail. Tionóladh roinnt clinicí ar fud an chontae. Bhí an fhoireann bunaithe i Leitir Ceanainn, ach ní raibh an foirgneamh oiriúnach don raon cásanna a bhí le plé. Tugadh cuairteanna sainchónaithe ar aonaid chónaitheacha FSS i Srath an Urláir, Carn Domhnach agus Bun Dobhráin. Chuir síciatraí sainchomhairleach do leanaí agus ógánaigh agus ceithre theiripeoir seirbhís ar fáil do leanaí le huathachas. Measadh as an 189 cás, go mbeadh seirbhís leantach ón bhfoireann meabhair-shláinte do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachta ag teastáil ó 50 faoin gcéad díobh nuair a shroichfeadh siad 18 bliana d'aois.

IMLÍNE DEN PHLEAN GNÓ ÁITIÚIL 2007

Ní raibh aon mhaoiniú ar fáil do 2008 do phoist bhreise.

FORBAIRTÍ SEIRBHÍSE 2006–2007

- Mhol tuairisc 2006 go mbeadh foireann meabhair-shláinte le hacmhainní iomlána i nDún na nGall do dhaoine faoi mhíchumas intleachta agus dhaoine le fadhbanna meabhair-shláinte. Ní dhearnadh aon dul chun cinn ar an moladh seo.

- Ceapadh ceathrú teiripeoir altra ar an bhfoireann uathachais do leanaí.

TIONSCNAIMH DHEA-CHLEACHTAIS

Níor tuairiscíodh aon fhorbairtí.

IONCHUR ÚSÁIDEOIRÍ SEIRBHÍSE SA tSEIRBHÍS

Tuairiscíodh nach raibh baint ar bith ag úsáideoirí seirbhíse leis.

FOIRNE MÍCHUMAIS INTLEACHTA 2006–2007

Chuir an t-seirbhís faisnéis maidir le foirniú ar fáil. Rinneadh comparáid ar an bhfoirniú idir 2006 agus 2007.

Dún na nGall

	2006	2007	Grád
Daonra			
Síciatraí sainchomhairleach	1	1.1 (0.1 seirbhís uathachais do leanaí)	
NCHD (sainchláraitheoir san áireamh)	1	1	–
Foireann altranais	0	4 (seirbhís uathachais do leanaí)	–
Síceolaí	0	0	–
Oibrí sóisialta	0	0	–
Teiripeoir saothair	0	0	–
Teiripeoir urlabhra agus teanga	0	0	–
Teiripe teaghlaigh	0	0	–
Teiripe shúgartha	0	0	–
Riaracháin	1	1	Grád 4
Oibrithe tacaíochta teaghlaigh (seirbhís uathachais do leanaí)	0	9	–
Comhordaitheoir tacaíochta teaghlaigh (seirbhís uathachais do leanaí)	0	1	–

ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Bhí teacht ar géarleapacha glactha isteach sa Ghéaraonad Síciatrach, Carnamuggagh. Bhí gá le rochtain ar leapacha sa ghéaraonad síciatrach i Sligeach uaireanta, ag brath ar shuíomh geografach an úsáideora seirbhíse. I 2007 glacadh naonúr isteach agus cuireadh cóireáil ar bheirt in áiseanna lasmuigh den Stát, agus bhí páirt mhór ag an bhfoireann i gcóireáil leanúnach a sholáthar. Bhí baint ag an síciatraí sainchomhairleach le pleanáil an ghéaraonaid shíciatraigh nua do ghlacthaí isteach in Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn agus beidh sé in ann teacht ar leapacha ann. Bhí bonn nua

don fhoireann beartaithe i dtailte Ospidéal Naomh Conaill, Leitir Ceanainn.

CONCLÚID

D'fhan an tseirbhís mheabhair-sláinte do dhaoine faoi mhíchumas intleachta gan go leor acmhainní. Ní raibh aon fhoirne tiomnaithe ildisciplíneacha meabhair-shláinte ag an tseirbhís ná aon áiseanna cuí d'othair chónaitheacha, go háirithe dóibh siúd a bhfuil míchumas intleachta domhain nó meánach orthu. Ba ghá cóireáil a chur ar dhaoine sa bhaile, i gcúram faoisimh, nó in aonaid chónaitheacha toisc easpa géarleapacha glactha isteach oiriúnacha. Ba ghá cóireáil a chur ar dhaoine lasmuigh den Stát toisc easpa seirbhísí fóiréinseacha cuí.

RÉIMSÍ ATÁ LE FORBAIRT

1. Ba chóir go mbeadh seirbhís bunaithe ar dhaonra na habhantraí ann le foireann de ghairmithe le hoiliúint chuí sa mheabhair-shláinte.